



# Scannán nua

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin scannán *The Banshees of Inisherin*. Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. An bhfaca tú an scannán? An raibh dúil agat ann?
2. Cad atá ar eolas agat faoin scannán?
3. An dtaitníonn na príomhaisteoirí sa scannán seo leat?
4. Cad é an scannán Éireannach is fearr leat?
5. Conas a dhéanfá cur síos ar an radharc tíre sa scannán?
6. Cé gur scannánaíodh an scannán i gceantair Ghaeltachta, ní raibh focal Gaeilge le cloisteáil ann. Cad a cheapann tú faoi sin?



## B: FOCLÓIR

---

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as [www.focloir.ie](http://www.focloir.ie) chun cuidiú leat, más gá.

attention: \_\_\_\_\_

among them, including: \_\_\_\_\_

handful: \_\_\_\_\_

last year: \_\_\_\_\_

shooting (film): \_\_\_\_\_

recording: \_\_\_\_\_

famous: \_\_\_\_\_

abuzz, excited: \_\_\_\_\_

the nominations: \_\_\_\_\_

great number: \_\_\_\_\_

2. Baineann Áine Lally úsáid as an bhfocal 'uilig'. An bhfuil leagan eile den fhocal sin agatsa?

# C: TUISCINT

---

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cén fáth a bhfuil iarthar na hÉireann i mbéal an phobail faoi láthair?
2. Cén t-eolas a thugtar dúinn san introir faoin scannán *The Banshees of Inisherin*?
3. Cén áit ar scannánaíodh an scannán?
4. Cad a bhí le rá ag Alanagh Ní Ghríofa faoina bheith ag obair le foireann an scannáin. Ar thaitin an obair léi?
5. Conas a mhothaíonn Lasairfhíona faoin obair a rinne sí sa scannán, dar leat?
6. Cén fáth ar luadh na gradaim *The Oscars* sa mhír?
7. Cén fáth a bhfuil dóchas ag Turasóireacht Acla?

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

## D: FEASACHT TEANGA

---

### 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach, uatha)

Bhí a lán samplaí den tuiseal ginideach, uimhir uatha sa mhír. Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos anois agus cuir an dara hainmfhocal sa tuiseal ginideach. Éist leis an mír arís ansin le feiceáil an raibh an ceart agat.

|                        |       |
|------------------------|-------|
| aird (an chruinne)     | _____ |
| iarthar (Éire)         | _____ |
| muintir (an áit)       | _____ |
| croílár (an t-aicsean) | _____ |
| ar chúl (an ceamara)   | _____ |
| i mbéal (an pobal)     | _____ |

### 2: Cruinneas gramadaí (an réimír an-)

Féach ar na samplaí a bhí sa mhír:

an-chraic      an-deas

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘craic’ agus nach bhfuil ar ‘deas’?

### 3: Saibhreas teanga (logainmneacha)

**Inisherin:**

Cén Ghaeilge a chuirfeá ar an logainm sin? Is áit shamhailteach í agus mar sin níl freagra ceart nó mícheart ann. Is féidir úsáid a bhaint as [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) chun spreagadh a thabhairt duit féin.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint (Scannánaíocht)

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Bain úsáid as na focail sna scamail chun cur síos a dhéanamh ar an scannán deireanach a chonaic tú **nó** ar an scannán is fearr leat.



### 2: Scríobh

Scríobh léirmheas gearr ar an scannán ar labhair tú faoi sa tasc **Caint**.

# AN SCRIPT

---

### Eimear Ní Chonaola

Anois, tá aird na cruinne tarraingthe ar iarthar na hÉireann, roinnt ceantair Ghaeltachta ina measc, leis an scannán is deireanaí ó Martin McDonagh. Tá *The Banshees of Inisherin* sna pictiúrlanna faoi láthair agus tá dornán gradaim idirnáisiúnta buaite aige cheana féin.

### Áine Lally

Bhí Inis Mór, Árainn agus Acaill i gContae Mhaigh Eo ar nós a bheadh *Hollywood* ann ar feadh roinnt míonna anuraidh. Roghnaíodh an dá cheantar faoi leith seo le scannánaíocht a dhéanamh ar scéal Martin McDonagh, *The Banshees of Inisherin*.

### Alanagh Ní Ghríofa, Oibrí ar an scannán *The Banshees of Inisherin*

Rinneamar an taifeadadh uilig<sup>1</sup> i mbaile Ghort na gCapall ansin, díreach in Árainn. Ach bhí an-chraic againn. Bhí sé iontach do mhuintir na háite, thug sé an oiread airgid agus fostaíochta don áit. Na haisteoirí mór le rá seo, leithéidí Colin Farrell agus Brendan Gleeson, agus Barry Keoghan agus Kerry Condon. Bhíodar uilig go hálainn. Bhíodar an-deas le muintir na háite. Bhácáil mo mhamó, bhácáil sí cáca donn do Brendan Gleeson agus bhí sé *delighted*.

### Áine Lally

Bhí daoine áitiúla ar an dá oileán i gcroílár an aicín – ar chúl an cheamara agus os a chomhair. Agus, bhíodar ar bís ag iarraidh toradh a gcuid oibre a fheiceáil ar an scáileán mór le gairid.

### Lasairfhíona Ní Chonaola, Amhránaí agus aisteoir *The Banshees of Inisherin*

Sa scannán seo, bhí deis agam an dá rud a dhéanamh, a bheith ag amhránaíocht, ag canadh agus ag aisteoireacht. Agus bhí páirt agam le Colin Farrell, Brendan Gleeson, agus Pat Shortt agus Barry Keoghan. Taithí iontach!

Bhain mé féin an-taitneamh as an scannán. Tá sé barúil. Tá sé brónach. Tá rud éigint<sup>2</sup> speisialta faoi. Chuir sé fonn orainn a bheith ag machnamh faoi mhuintir an bhaile (doiléir). Stopann cairdeas – b'fhéidir gan fáth ar bith – agus tá sé daonna. Tuigfidh daoine é sin ar leibhéal.

### Áine Lally

Tá roinnt gradaim mhóra buaite ag an scannán seo ag na féilte scannán idirnáisiúnta. Anois, tá súil go mbeidh Árainn agus Acaill go mór i mbéal an phobail nuair a fhógrófar na hainmniúcháin do na *Oscars* sa mbliain<sup>3</sup> nua. Deir Turasóireacht Acla go bhfuil aird ar leith tarraingthe ar na háiteanna uilig ar an oileán ina ndearnadh scannánaíocht agus an eagraíocht dóchasach go meallfar lear mór turasóirí ar na láithreacha sin amach san earrach. Áine Lally, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> uilig = leagan canúnach de 'uile'

<sup>2</sup> éigint = leagan canúnach de 'éigin'

<sup>3</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Bí ag éisteacht agus ag cuidiú leo le linn na cainte.

## B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

|                       |                  |
|-----------------------|------------------|
| attention             | aird             |
| among them, including | ina measc        |
| handful               | dornán           |
| last year             | anuraidh         |
| shooting (film)       | scannánaíocht    |
| recording             | taifeadadh       |
| famous                | mór le rá        |
| abuzz, excited        | ar bís           |
| na nominations        | na hainmniúcháin |
| great number          | lear mór         |

2. uilig = uile, gach, ar fad, go léir.

## C: TUISCINT

Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ginideach, uatha)

Féach:

aird (an chruinne)  
iarthar (Éire)  
muintir (an áit)  
croílár (an t-aicsean)  
ar chúl (an ceamara)  
i mbéal (an pobal)

aird na cruinne  
iarthar na hÉireann  
muintir na háite  
croílár an aicsin  
ar chúl an cheamara  
i mbéal an phobail

### 2: Cruinneas gramadaí (an réimír an-)

Séimhítear consan a leanann **an-** (an-chraic) ach amháin nuair a thagann **d**, **t** nó **s** ar a lorg (an-deas).

### 3: Saibhreas teanga (logainmneacha)

Mínigh do na foghlaimoírí go gcaithfidh siad leagan Gaeilge den logainm *Inisherin* a aimsiú. Mínigh dóibh nach bhfuil a leithéid d'áit ann agus go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as a samhlaíocht. Abair leo úsáid a bhaint as [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie) chun cuidiú leo. Mar shampla:

# Scannán nua

Inis Éireann  
Inis Éan  
Inis Thiar  
Inis Chiaráin

## Cumarsáid1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag déanamh cur síos dá chéile ar an scannán deireanach a chonaic siad nó ar an scannán is fearr leo. Léigh tríd an stór focal sna scamail le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus go dtuigeann siad an méid atá le déanamh acu. Nuair a bheidh an plé ar fad déanta acu sna grúpaí, iarr ar gach foghlaimoer cur síos a dhéanamh ar an scannán a roghnaigh siad don rang.

## 2: Scríobh

Abair leo ansin léirmheas an-ghearr a scríobh. Ba cheart go mbeadh an léirmheas bunaithe ar an stór focal faoi **Caint** agus ar an bplé a rinne siad ar an scannán.

*Curtha ar fáil ag*



**Ollscoil  
Mhá Nuad**  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

**Lárionad  
na Gaeilge**  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

*le tacaíocht ó*

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscoláilochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

